Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8299/1/26**
**REV 1**

**LIMITE**

**EF 119**
**ECOFIN 488**
**AG 56**
**BETREG 2**
**IA 102**
**COMPET 484**
**SIMPL 81**
***EIB***
***ECB***

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais<br>- Nóta saincheisteanna ón Uachtaránacht |

I bhfianaise na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 5 Bealtaine 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta athbhreithnithe de shaincheisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

PUBLIC

CY2026.EU

an 5 Bealtaine 2026

**Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais**

**Iarmhairtí eacnamaíocha reachtaíocht an Aontais**

PUBLIC

Tar éis thuarascáil Draghi, leag an Chomhairle Eorpach béim sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2025 ar an ngá atá le 'clár oibre uaillmhianach cothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn […] chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú'. Meabhraíodh di freisin gur gealladh 'go laghdófaí go mór, mar ábhar práinne, na hualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe atá ar ghnólachtaí, FBManna san áireamh, agus ar riaracháin phoiblí'. Áirítear i gcláir oibre an Choimisiúin do 2025 agus 2026, clár oibre cur chun feidhme agus simpliúcháin ina ndírítear, *inter alia*, ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a shimpliú trí shraith tograí reachtacha Omnibus chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le simpliú agus rialáil níos fearr[1] i mí na Nollag 2025 inar leag sí béim ar 'an ngá na hiarrachtaí simpliúcháin Omnibus a chomhlánú agus iarracht á déanamh faireachán a dhéanamh ar na hualaí gan údar a eascraíonn as sreabhadh na reachtaíochta san Aontas agus iad a laghdú, agus dearadh na reachtaíochta nua a dhéanamh níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí, agus an leas is mó is féidir a bhaint as na tairbhí soiléire a bhaineann léi ag an am céanna'. Dá bhrí sin, d'fhonn faireachán níos fearr a dhéanamh ar na costais riaracháin agus choigeartaithe a eascraíonn as sreabhadh na reachtaíochta nua san Aontas, chomhaontaigh an Chomhairle go '[d]tugann an Uachtaránacht forléargas nuashonraithe ar na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta, rialála agus eile chomh maith leis na costais riaracháin agus choigeartúcháin do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí ó thograí atá faoi chaibidil faoi láthair.'.

Ag an gcruinniú a bhí ag Comhairle ECOFIN i mí na Nollag 2025, thíolaic Uachtaránacht na Danmhairge nóta saincheisteanna agus tábla[2], bunaithe ar na Measúnuithe Tionchair a chuir an Coimisiún ar fáil, ina dtiomsaítear na costais agus na sochair a bhaineann leis na tograí uile ón gCoimisiún nár glacadh go fóill. Thug Uachtaránacht na Cipire an forléargas sin cothrom le dáta agus chuir sí na tograí nua uile ón gCoimisiún a fuarthas idir an tráth sin agus deireadh mhí an Mhárta leis, agus bhain sí na tograí a glacadh idir an dá linn.

Léirítear san fhorléargas nuashonraithe a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo go bhfuil measúnú tionchair ón gCoimisiún ag gabháil le 49 % de na tograí agus, dá nglacfaí iad mar a mhol an Coimisiún, go mbeadh costais athfhillteacha riaracháin nua dar luach thart ar EUR 1.5-1.6 billiún agus costais athfhillteacha choigeartaithe dar luach thart ar EUR 16.9-25.7 billiún, mar aon le costais aonuaire, i gceist do ghnólachtaí Eorpacha. Léirítear ann freisin go gcuirfidh na tograí sin thart ar EUR 145 mhilliún leis na costais riaracháin athfhillteacha agus EUR 2.8-10.1 billiún leis na costais choigeartúcháin athfhillteacha ar údaráis phoiblí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí gannmheastúchán a dhéanamh ar na costais toisc gur minic nach bhfuil sna meastacháin ach meastacháin pháirteacha.

Ó rinne Uachtaránacht na Danmhairge an nuashonrú deireanach, baineadh 20 togra den fhorléargas toisc gur glacadh iad nó gur tarraingíodh siar iad. Ag an am céanna, ghlac an Coimisiún 51 thogra reachtacha nua san iomlán agus cuireadh leis an tábla iad; bhí measúnú tionchair ón gCoimisiún ag gabháil le 13 díobh. Dá nglacfaí na 13 thogra nua sin mar a mhol an Coimisiún, ghinfí costais athfhillteacha riaracháin bhreise dar luach thart ar EUR 123-158 milliún agus costais athfhillteacha choigeartúcháin dar luach thart ar EUR 5.1-6.4 billiún do ghnólachtaí Eorpacha. I gcás na n-údarás poiblí, ghinfeadh na tograí sin costais athfhillteacha riaracháin bhreise dar luach thart ar EUR 30 milliún agus costais athfhillteacha choigeartúcháin dar luach thart ar EUR 751–994 mhilliún.

[1] 16201/25
[2] 16234/25 + ADD 1-2

Ag an am céanna, cé gur deacair na sochair a chainníochtú, tá siad chomh tábhachtach céanna. Is iondúil go léiríonn na measúnuithe tionchair a ghabhann leis na tograí sin feabhsuithe ar fheidhmiú an mhargaidh, lena n-áirítear ilroinnt laghdaithe agus cothrom iomaíochta níos fearr ar fud na mBallstát, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe d'oibreoirí eacnamaíocha. Sainaithnítear iontu freisin gnóthachain éifeachtúlachta agus coigilteas costais a d'fhéadfadh a bheith ann le himeacht ama, go háirithe trí bhearta simplithe agus digitithe atá leabaithe i dtograí áirithe. Ina theannta sin, tacaíonn go leor tionscnamh le cuspóirí beartais níos leithne de chuid an Aontais, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus meastar go rannchuideoidh siad le hathléimneacht, táirgiúlacht agus iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais. Is deacair, dá bhrí sin, na costais a mheas i gcomparáid leis na sochair i dtéarmaí cainníochtúla amháin, ós rud é gur sochair struchtúracha go leor de na sochair sin agus go dtiocfaidh siad chun cinn sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

D'ainneoin na heaspa meastachán cainníochtaithe ar na sochair, ba cheart an faireachán sin ar an ualach riaracháin a eascraíonn as sreabhadh na rialála nua a chur san áireamh inár n-iarrachtaí chun na hualaí rialála agus riaracháin a lagaíonn iomaíochas an Aontais a laghdú.

**Saincheisteanna atá le plé**

- *Conas a dhéanann na hairí measúnú ar thionchar eacnamaíoch foriomlán na dtograí atá faoi chaibidil, agus na costais mheasta agus na sochair a bhfuiltear ag súil leo á gcur san áireamh?*
- *Conas is féidir linn a áirithiú go dtacóidh reachtaíocht an Aontais amach anseo, ar bhealach níos fearr, leis an iomaíochas agus costais riaracháin agus choigeartaithe nach bhfuil gá leo á dteorannú ag an am céanna?*
- *Cad iad na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch reachtaíocht an Aontais, i dtéarmaí costas agus sochair araon?*

**Na chéad chéimeanna eile**

Pléifidh an Chomhairle (COMPET) an simpliú agus an rialáil níos fearr an 28 Bealtaine. Tar éis an phlé a rinne ECOFIN agus COMPET, tá sé beartaithe ag na hairí atá i mbun cathaoirleachta ar an dá fhoirmíocht sin den Chomhairle litir chomhpháirteach chuig an aire atá i mbun cathaoirleacht ar fhoirmíocht na Comhairle Gnóthaí Ginearálta a chomhshíniú, ina gcuirfear an plé sin san áireamh, go háirithe maidir le simpliú agus maidir le clársceidealú reachtach.



PUBLIC